2026/2297

20.10.2026

MOLADH (AE) 2026/2297 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Deireadh Fómhair 2026

maidir le faireachán a dhéanamh ar níotráit agus nítrít i mbeatha agus níotráit agus nítrít in ábhair bheatha áirithe a chosc

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In 2020 ghlac Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra measúnú riosca ar níotráit agus nítrít i mbeatha ([1]).

(2) Shainaithin an tÚdarás ábhar imní sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás athchogantach, a bhaineann le láithreacht níotráití i bhforáistí agus gairbhseach, agus táirgí a dhéantar astu. Ní fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar an riosca don tsláinte ó nochtadh do nítrít in ainmhithe feirmshaothraithe agus i bpeataí toisc nach raibh aon phointe tagartha agus/nó meastachán ar nochtadh ar fáil.

(3) Shainaithin an tÚdarás gur gá, i measc nithe eile, tuilleadh faisnéise a bheith ann maidir le láithreacht níotráite agus nítríte i bhforáistí agus gairbhseach agus i dtáirgí a dhíorthaítear uathu agus láithreacht nítríte i dtáirgí agus seachtháirgí ó bhiatas siúcra agus ó chána siúcra agus ó tháirgeadh stáirse agus deochanna alcólacha.

(4) Le Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) bunaítear uasleibhéil le haghaidh nítríte in ábhair bheatha, cé is moite de shadhlas, táirgí agus seachtháirgí ó bhiatas siúcra agus ó chána siúcra agus ó tháirgeadh stáirse agus deochanna alcólacha, agus i mbeatha iomlán.

(5) Ba cheart na feirmeoirí a spreagadh chun dea-chleachtais a chur i bhfeidhm chun leibhéil arda níotráite agus nítríte i bhforáistí agus gairbhseach agus a dtáirgí a chosc agus ba cheart a mholadh d'oibreoirí gnólachtaí beatha dea-chleachtais a chur i bhfeidhm chun leibhéil arda nítríte i dtáirgí agus seachtháirgí ó bhiatas siúcra agus ó chána siúcra agus ó tháirgeadh stáirse agus deochanna alcólacha a chosc. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí na prionsabail a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo a chur i bhfeidhm.

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go ndéanfaí faireachán ar níotráit agus nítrít in ábhair bheatha áirithe agus prionsabail a sholáthar chun a mholadh go gcuirfí dea-chleachtais i bhfeidhm chun leibhéil arda níotráite agus nítríte in ábhair bheatha áirithe a chosc.

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

(1) Moltar do na Ballstáit, faireachán a dhéanamh, le rannpháirtíocht ghníomhach feirmeoirí agus oibreoirí gnólachtaí beatha eile, ar láithreacht níotráite agus nítríte i dtáirgí agus seachtháirgí a dhíorthaítear ó bhiatas siúcra agus ó chána siúcra agus ó tháirgeadh stáirse agus deochanna alcólacha.

(2) Moltar do na Ballstáit agus oibreoirí gnólachta bia na sonraí a sholáthar don Údarás lena dtiomsú in aon bhunachar sonraí amháin i gcomhréir le ceanglais Threoraíocht an Údaráis maidir le Tuairisc Chaighdeánach ar Shamplaí ('TCS') le haghaidh Bia agus Beatha agus le ceanglais tuairiscithe shonracha bhreise an Údaráis ([3]).

([1]) Painéal EFSA maidir le hÉilleáin sa Bhiashlabhra, 2020. Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca ar níotráit agus nítrít i mbeatha. *ESFA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(11):6290, 110 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6290.

([2]) Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbeatha ainmhithe (IO L 140, 30.5.2002, lch. 10 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/32/oj).

([3]) https://www.efsa.europa.eu/en/call/call-continuous-collection-chemical-contaminants-occurrence-data-0.

(3) Moltar do na Ballstáit na prionsabail a leagtar amach san Iarscríbhinn a chur san áireamh agus bearta á moladh acu d'fheirmeoirí agus d'oibreoirí gnólachtaí beatha eile maidir le láithreacht níotráite agus nítríte i bhforáistí agus gairbhseach i dtáirgí agus seachtháirgí a dhíorthaítear uathu agus láithreacht nítríte i dtáirgí agus seachtháirgí ó bhiatas siúcra agus ó chána siúcra agus ó tháirgeadh stáirse agus deochanna alcólacha a laghdú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Prionsabail maidir le níotráit agus nítrít i mbeatha a chosc agus a laghdú agus maidir le nochtadh ainmhithe do níotráit agus nítrít a laghdú

1. Ba cheart dea-chleachtais talmhaíochta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an leibhéal níotráite i mbeatha chomh híseal agus is indéanta le réasún trí dhálaí maithe fáis a áirithiú agus aird ar leith a thabhairt ar leasú nítrigine (gan aon úsáid iomarcach ná leathadh déanach). I measc na bhfachtóirí is eol a bheith ina gcúis le níotráit a charnadh sa phlanda tá triomach, aimsir scamallach nó aimsir fhuar agus leathadh táirgí cosanta plandaí áirithe.

2. Braitheann an leibhéal níotráite freisin ar an gcéim aibíochta (is iondúil go mbíonn leibhéil níotráite níos airde i bplandaí níos óige agus go laghdaíonn an leibhéal níotráití de réir mar a aibíonn plandaí) agus ar an gcuid den phlanda atá i gceist (tá an chuid is mó den níotráit suite sa chuid íochtarach den ghas). Dá bhrí sin, le buaint a dhéantar gar d'aibíocht agus le hardú cheann an ghearrthóra chun boinn ghais a sheachaint go roghnaitheach, laghdaítear an riosca tocsaineachta níotráite.

3. Is fearr foráistí agus gairbhseach a bhfuil leibhéal níotráite ard iontu a bhuaint agus a úsáid mar shadhlas, toisc nuair a dhéantar beatha a shadhlasú faoi dhálaí maithe, laghdaíonn an próiseas coipthe leibhéil na níotráití iontu.

4. Ba cheart a áirithiú go bhfuil leibhéil ísle níotráite (e.g. níos lú ná 200 mg/l) in uisce óil d'ainmhithe nó in uisce a úsáidtear chun beatha a mhonarú.

5. Is iomchuí scagadh a dhéanamh ar láithreacht níotráite i mbeatha, arb eol go bhfuil leibhéil arda níotráite inti agus go háirithe i ndálaí aimsire agus/nó táirgthe arb eol go mbíonn leibhéil níotráite níos airde ná mar is gnách mar thoradh orthu. I gcás ina léirítear sa scagadh go bhféadfadh ardleibhéal níotráití a bheith ann, is iomchuí anailís chainníochtúil a dhéanamh. I gcás leibhéil an-ard níotráite (e.g. > níos mó ná 4 000 mg / kg, i gcoibhneas le beatha ina bhfuil cion taise 12 %), níor cheart ainmhithe torracha a bheathú leis an mbeatha sin agus ba cheart teorainn a chur le cion na beatha sin sa chandam d'ainmhithe eile.

6. Leibhéil arda nítríte i dtáirgí agus seachtháirgí ó bhiatas siúcra agus ó chána siúcra agus ó tháirgeadh stáirse agus deochanna alcólacha, ba cheart na leibhéil arda sin a chosc trí ionfhabhtú baictéarach a sheachaint nó a laghdú. Níor cheart ábhair bheatha ina bhfuil níos mó ná 200 mg / kg de nítrít mar $NaNO_2$ (i gcoibhneas le beatha ina bhfuil cion taise 12 %) a úsáid chun ainmhithe a bheathú.